



2019/2157(INI)

25.2.2020

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar Straitéis Foraoiseachta na hEorpa - an bealach chun cinn
(2019/2157(INI))

An Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

Rapóirtéir: Petri Sarvamaa

Rapóirtéir don tuairim (*):

Jessica Polfjärd, An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

(* Coiste comhlachaithe – Rial 57 de na Rialacha Nós Imeachta

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	3
RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN	9

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar Straitéis Foraoiseachta na hEorpa - an bealach chun cinn (2019/2157(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus chuig Coiste na Réigiún an 11 Nollaig 2019 maidir le Comhaontú Glas don Eoraip (COM(2019)0640), agus Treoirínte Polaitiúla Ursula von der Leyen an 10 Meán Fómhair 2019,
- ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus chuig Coiste na Réigiún an 7 Nollaig 2018 dar teideal ‘Dul chun cinn maidir le cur chun feidhme Straitéis Foraoise an Aontais Eorpaigh – “Straitéis Foraoise AE nua: d’fhoraoisí agus d’earnáil foraoisbhunaithe”’ (COM(2018)0811),
- ag féachaint dá rún an 28 Aibreán 2015 maidir le Straitéis Foraoise AE nua: d’fhoraoisí agus d’earnáil foraoisbhunaithe¹,
- ag féachaint don Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 23 Iúil 2019 dar teideal ‘Dlús a chur le Gníomhaíocht AE chun Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú’ (COM(2019)0352),
- ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle an 15 Aibreán 2019 ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme Straitéis Foraoise AE agus ar chreat straitéiseach nua i gcomhair foraoisí (08609/2019),
- ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 30 Deireadh Fómhair maidir leis an tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus chuig Coiste na Réigiún an 7 Nollaig 2018 dar teideal ‘Dul chun cinn maidir le cur chun feidhme Straitéis Foraoise AE “Straitéis nua Foraoise AE: d’fhoraoisí agus d’earnáil na foraoise”’,
- ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún an 10 agus an 11 Aibreán maidir le cur chun feidhme Straitéis Foraoise AE,
- ag féachaint do Straitéis nuashonraithe Bhithgheilleagair AE,
- ag féachaint do Straitéis Aeráide 2050,
- ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 17 agus an 18 Nollaig 2018 maidir le Straitéis nuashonraithe Bhithgheilleagair AE,
- ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 28 Samhain 2018 dar teideal

¹ IO C 346, 21.9.2016, lch. 17.

‘Pláinéad Glan do Chách: Fís straitéiseach fhadtéarmach Eorpach do gheilleagar a bheidh rathúil, nua-aimseartha, iomaíoch’ (COM(2018)0773),

- ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún an 16 Bealtaine 2018 maidir le hathbhreithniú meántearma ar Straitéis Foraoise AE²,
 - ag féachaint do straitéis Eoraip 2020, lena n-áirítear an tAontas Nuálaíochta agus tionscnaimh a bhaineann leis an Eoraip atá tíosach ar acmhainní,
 - ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia agus ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (A9-0000/2020),
- A. de bhrí go mbeidh sé dodhéanta gealltanais inmheánacha agus idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh don Chomhaontú Glas don Eoraip, do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SFInna), do Phrótacal Kyoto, do Chomhaontú Pháras agus do chruthú sochaí astaíochtaí nialasacha, mar shampla, a bhaint amach gan na buntáistí aeráide agus seirbhísí éiceachórais eile a sholáthraíonn foraoisí agus an earnáil foraoisbhunaithe;
- B. de bhrí nach bhfuil aon tagairt do chomhbheartas foraoise AE sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go bhfuil na Ballstáit freagrach as foraoisí, ach de bhrí go bhfuil stair fhada ag AE de chuidiú, trína bhearta, le bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí (SFM) agus do chinntí na mBallstát ar fhoraoisí;
- C. de bhrí go bhfuil foraoisí agus an slabhra luacha foraoisbhunaithe ar fad riachtanach don bhithgheilleagar ciorclach a fhorbairt tuilleadh toisc go soláthraíonn siad postanna, go n-áiríonn siad leas eacnamaíoch i limistéir thuaithe agus uirbeacha, go gcuireann siad seirbhísí um maolú agus oiriúnú ar an athrú aeráide ar fáil, go dtairgeann siad tairbhí a bhaineann leis an tsláinte, agus go gcosnaíonn siad an bhithéagsúlacht agus ionchais i limistéir sléibhtiúil agus tuaithe;

An t-am atá thart – athfhéachaint ar rath agus ar dhúshlán cur chun feidhme a rinneadh le déanaí

1. ag cur in iúl gur díol áthais di foilseachán thuarascáil an Choimisiúin dar teideal ‘Dul chun cinn maidir le cur chun feidhme Straitéis Foraoise AE – “Straitéis Foraoise AE nua: d’fhoraoisí agus d’earnáil na bhforaoisí”’ (COM(2018)0811);
2. ag aithint go bhfuil ocht gcinn móide ceann amháin de réimsí tosaíochta na straitéise curtha chun feidhme le líon measartha beag bac, seachas na dúshlán leanúnach sna réimsí ‘Cad iad na foraoisí atá againn agus conas atá siad ag athrú?’ agus ‘Ag cothú comhordaithe agus cumarsáide’;

² IO C 361, 5.10.2018, lch. 5.

3. á thabhairt chun suntais gur comhaontaíodh sainmhíniú SFM mar pháirt den phróiseas uile-Eorpach FOREST EUROPE; ag tabhairt dá haire go bhfuil an sainmhíniú sin ionchorpraithe i reachtaíocht náisiúnta agus córais dheonacha, amhail deimhnithe foraoise, atá i bhfeidhm sna Ballstáit;
4. á chur i bhfáth go raibh éifeacht dhearfach ag cur chun cinn SFM in AE, mar pháirt de Straitéis Foraoise AE agus de na bearta um fhorbairt tuaithe a cuireadh chun feidhme faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) ar bhithéagsúlacht foraoise in AE agus gur chuir sé feabhas ar na buntáistí aeráide arna gcur ar fáil ag an earnáil foraoisbhunaithe; ag tabhairt dá haire, áfach, go bhfuil gá fós le SFM a neartú ar bhealach cothrom lena áirithiú go bhfuil cumas níos fearr ag foraoisí chun oiriúnú do dhálaí athraitheacha aeráide agus chun na rioscaí agus na himpleachtaí a bhaineann le suaithheadh nádúrtha a laghdú;

Faoi láthair – staid na himeartha fhoraoisí AE

5. ag cur béim go bhfuil foraoisí AE ilfheidhmeach agus is saintréith dóibh go bhfuil go leor éagsúlachta iontu, lena n-áirítear difríochtaí ó thaobh patrúin úinéireachta, méide, struchtúir, bithéagsúlachta, athléimneachta agus dúshlán de; á chur i bhfios, anuas air sin, go gcuireann foraoisí réimse leathan seirbhísí éiceachórais ar fáil don tsochaí lena n-áirítear amhábhair, cáilíocht aeir fheabhsaithe, uisce glan, rialú creimthe, agus cosaint ó thriomach, tuilte agus maidhmeanna sléibhe;
6. ag tabhairt dá haire go bhfuil 43 % ar a laghad de chríoch AE faoi fhoraois agus coillearnach eile agus go bhfostaíonn an earnáil ar a laghad 500 000 duine go díreach³ agus 2.6 milliún duine go hindíreach in AE⁴;
7. ag aithint go n-áirithíonn infheistíochtaí fadtéarmacha in SFM ní hamháin go bhfuil foraoisí fós inmharthana ar bhonn eacnamaíoch, ach ina theannta sin go gcuidíonn chun an iliomad spriocanna de chuid AE a bhaint amach, lena n-áirítear cur chun feidhme rathúil an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus an t-aistriú go bithgheilleagar chiorclach;
8. ag aithint buntáistí aeráide riachtanach foraoisí agus na hearnála foraoisbhunaithe; á thabhairt chun suntais an gá le méadú a dhéanamh ar cheapadh CO₂ i bhforaoisí, stóráil carbóin i dtáirgí atá bunaithe ar adhmaid agus rudaí eile a chur in ionad ábhar agus fuinnimh iontaise-bhunaithe;
9. á chur in iúl gurb oth léi, cé go mbainistítear foraoisí in AE de réir an phrionsabal SFM atá comhaontuithe go comhchoiteann agus go bhfuil méadú ag teacht ar chóimheas foraoise in AE leis na deiceanna de bhlianta anuas, go bhfuil cur chuige difriúil forbartha le haghaidh SFM i gcomhthéacs an rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a comhaontaíodh le déanaí, maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú agus lena leasaítear Rialachán 2019/2088 maidir le nochtáí a bhaineann le hinbhuanaitheacht in earnáil na seirbhísí airgeadais;

An Todhchaí – an ról riachtanach atá ag Straitéis Foraoise AE don tréimhse tar éis 2020

³ Bunachar sonraí Eurostat maidir le foraoiseacht, ar fáil ag: <https://ec.europa.eu/eurostat/web/forestry/data/database>

⁴ Bileog eolais Pharlaimint na hEorpa ó Bhealtaine 2019 maidir leis an Aontas Eorpach agus foraoisí.

agus ag an gComhaontú Glas don Eoraip chun spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach

10. ag cur in iúl gur díol áthais di an Comhaontú Glas don Eoraip ón gCoimisiún a foilsíodh le déanaí agus go bhfuil sí ag súil le Straitéis Foraoise AE don tréimhse tar éis 2020 atá ag teacht;
11. ag cur in iúl gur díol áthais di Clár Oibre 2020 agus go háirithe aithint ar rannchuidiú Straitéis nua Foraoise AE don 26ú seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe (COP26) i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide; á chur i bhfáth, i dtaca leis sin, nár cheart go measfaí foraoisí mar an t-aon chineál linn CO₂ atá ann as seo amach toisc go mbeadh dreasacht níos lú ar earnálacha eile a n-astaíochtaí a laghdú mar thoradh ar sin; á thabhairt chun suntais, ina theannta sin, an tábhacht a bhaineann le haistriú ó shochaí iontaise-bhunaithe;
12. ag cur béim ar an ról riachtanach atá ag foraoisí, ag an earnáil fhoraoisbhunaithe agus ag an mbitheicneolaíocht chun spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach; á chur i bhfáth nach mbeidh sé indéanta go deo spriocanna comhshaoil agus aeráide AE a bhaint amach gan foraoisí ilfheidhmeacha, sláintiúla agus atá bainistithe ar bhealach inbhunaithe ná gan tionscail inmharthana; ag spreagadh, thairis sin, gníomhaíochtaí chun cóimheas foraoise a mhéadú;
13. á chur i bhfáth go bhfuil gá le Straitéis Foraoise AE atá uailmhianach, neamhspleách agus a sheasann as féin don tréimhse tar éis 2020 nach bhfuil faoi réir aon straitéis earnála eile; á iarraidh go mbunófar Straitéis nua Foraoise AE a chuireann leis an gcur chuige iomlánaíoch do SFM, á chur san áireamh na gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil a bhaineann leis an slabhra luacha foraoisbhunaithe; á chur i bhfáth gur gá forbairt a dhéanamh ar chur chuige comhordaithe agus comhleanúnach maidir le foraoisí, leis an earnáil fhoraoisbhunaithe agus leis an iliomad seirbhísí a sholáthraíonn siad, i bhfianaise an mhéid bearta náisiúnta agus AE, atá ag dul i méid, a bhfuil tionchar díreach acu ar fhoraoisí agus a mbainistiú in AE;
14. den dearcadh gur cheart do Straitéis Foraoise AE a bheith mar dhroichead idir bearta foraoise náisiúnta agus spriocanna AE a bhaineann le foraoisí, ag aithint an ghá le hinniúlacht náisiúnta a urramú agus le rannchuidiú le spriocanna AE níos leithne;
15. á chur i bhfáth tábhacht cinnteoireachta fianaisebhunaithe maidir le bearta AE a bhaineann le foraoisí, an earnáil fhoraoisbhunaithe agus a slabhra luacha; á iarraidh go mbeidh gach gné foraoisbhunaithe an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip i gcomhréir leis an Straitéis Foraoise tar éis 2020, go háirithe d'fhonn impleacht dhearfach a bheith ag SFM ar an tsochaí;
16. á thabhairt chun suntais gur gá naisc idir an earnáil foraoisbhunaithe agus earnálacha eile a chur san áireamh chomh maith le tábhacht an digitithe agus infheistíocht a dhéanamh i dtaighde agus nuálaíocht; á chur i bhfáth go bhfuil ról riachtanach ag ábhair adhmadbhunaithe i ndáil le cur in ionad roghanna iontaise-bhunaithe in earnálacha amhail an tionscal tógála, an tionscal teicstíle, tionscal na gceimiceán agus tionscal na pacáistíochta;
17. á chur i bhfáth gur minic a tharlóidh suaitheadh nádúrtha amhail triomach, tuilte, stoirmeacha, inmhioluithe lotnaidí, creimeadh agus tinte, rud a dhéanfaidh dochar

- d'fhoraoisí in AE; ag cur béim, sa chomhthéacs seo, ar an ngá le cosc níos fearr a chur ar eachtraí den chineál sin trí fhoraoisí a dhéanamh níos athléimní, mar shampla trí thaighde agus nuálaíocht agus trí shásraí tacaíochta níos fearr a chur ar fáil do limistéir agus maoinne atá thíos leis na rudaí sin ionas gur féidir leo a bheith athchóirithe;
18. ag aithint go bhfuil ról ag an mbithéagsúlacht chun a áirithiú go bhfanfaidh éiceachórais foraoise sláintiúil agus athléimneach; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá láithreáin Natura 2000; ag tabhairt dá haire, áfach, go bhfuil gá le hacmhainní airgeadais leordhóthanacha chun limistéir den chineál sin a bhainistiú;
 19. á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le caibidlíochtaí arna ndéanamh ag Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip agus arna dtacú ag an Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta, d'fhonn comhaontú uile-Eorpach atá ceangailteach ó thaobh dlí a dhéanamh maidir le foraoisí;
 20. ag spreagadh cur i gcrích an phróisis leanúnaigh chun cur chuige inbhuanaithe nach bhfuil bunaithe ar úsáid deiridh a fhorbairt le dlúth-rannpháirtíocht an Bhuanchoiste Foraoiseachta agus na mBallstát, ag tógáil ar chur chuige dhá chéim na Treorach athmhúnlaithe maidir le Fuinneamh Inathnuaite; á chreidiúint go bhféadfaí an cur chuige dhá chéim a úsáid i mbeartais eile a bhfuil sé mar aidhm acu feabhas a chur ar inbhuanaitheacht foraoiseachta;
 21. á chur i bhfáth a fhíorthábhachtaí atá CBT agus bearta foraoiseachta i gcur chun feidhme Straitéis Foraoise AE; ag spreagadh leanúnachais beartas foraoise faoi CBT 2021-2027; á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le sásraí cistiúcháin AE eile atá inrochtana, dea-chomhordaithe agus ábhartha;
 22. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról riachtanach ag taighde agus nuálaíocht ardleibhéil chun rannchuidiú foraoisí agus na hearnála foraoisbhunaithe a chothú chun réitigh a fháil ar dhúshláin ár linne; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá cláir taighde agus nuálaíochta AE tar éis 2020 agus ag aithint an ról atá ag an mBuanchoiste um an Taighde Talmhaíochta;
 23. á thabhairt chun suntais gur fadhbanna tromchúiseacha iad dífhoraoisí domhanda agus díghrádú foraoisí; á chur i bhfios gur cheart tionscnaimh bheartais a fhorbairt chun dul i ngleic le saincheistanna lasmuigh de AE, agus béim á leagan ar na Trópaicí agus ar chúiseanna cleachtaí neamh-inbhuanaithe i bhforaoisí ó lasmuigh den earnáil; á chur i bhfáth gur gá cur chun feidhme an Rialacháin Adhmaid AE agus plean ghníomhaíocht FLEGT (Forfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí) a chothú chun cosc a chur ar theacht isteach adhmaid ó fhoinsí neamhdhleathacha ar mhargadh AE;
 24. á chur i bhfáth gur gá Córas Faisnéise Foraoiseachta uile-AE don Eoraip a fhorbairt faoi fhreagracht chomhpháirteach na nArd-Stiúrthóireachtaí ábhartha ar fad de chuid an Choimisiúin; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá faisnéis atá bunaithe ar an eolaíocht agus atá cothrom le táscairí socheacnamaíocha d'fhorbairt aon bheartas AE a bhaineann le foraoisí;
 25. á iarraidh ar Bhuanchoiste Foraoiseachta an Choimisiúin ról lárnach a thabhairt do na Ballstáit ó thaobh ullmhúchán agus cur chun feidhme Straitéis Foraoise AE tar éis 2020; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá rannpháirtíocht chomhthreomhar geallsealbhoirí ábhartha sa Ghrúpa Idirphlé Sibhialta maidir le Foraoiseacht agus Corc; ag tathant ar an

gCoimisiún páirt a thabhairt don Pharlaimint i gcur chun feidhme Straitéis Foraoise AE ar bhonn bliantúil;

26. á threorú dá nUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá ról tábhachtach ag foraoisí, foraoiseacht agus an earnáil foraoisbhunaithe ar an iomlán maidir le réitigh inbhuanaithe a sholáthar d'iliomad dúshláin ár linne. Clúdaíonn foraoisí agus coillearnach eile ar a laghad 43% d'achar AE, agus in earnáil na foraoise fostaítear ar a laghad 500 000 saoránaigh Eorpacha go díreach agus 2,6 milliún go hindíreach. Anuas air sin, tá 60% d'fhoraoisí AE i seilbh úinéirí príobháideacha. Ina theannta sin, tá foraoisí Eorpacha thar a bheith ilghnéitheach ó thaobh méide, struchtúir, bithéagsúlachta agus cur chuige bainistíochta de.

Tá timpeallacht beartais dhomhanda athraithe go mórmhór ón Straitéis Foraoise dheireanach de chuid AE in 2013, agus tá tionchar mór ag an athrú sin ar bheartais AE éagsúla. Beidh sé dodhéanta gealltanais inmheánacha agus idirnáisiúnta AE, amhail an tsochaí astaíochtaí nialasacha, an Comhaontú Glas don Eoraip, SFInna na Náisiúin Aontaithe, Prótacal Kyoto, Comhaontú Pháras agus cinn eile a bhaint amach gan buntáistí aeráide na bhforaoisí agus na hearnála foraoisbhunaithe agus na seirbhísí eiceachórais eile a sholáthraíonn foraoisí.

Ina theannta sin, ní mór dúinn cuimhneamh gur sainchúram faoi réim na mBallstát den chuid is mó é beartas foraoise. Ní dhéantar aon tagairt in CFAE d'fhorálacha ar leith maidir le beartas foraoise AE, agus tá stair fhada rannchuidithe ag an Aontas Eorpach trína bheartais maidir le bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoise a chur chun feidhme agus cinntí na mBallstát maidir le foraoisí. Bíonn tionchar díreach nó indíreach ag líon bheartais AE agus náisiúnta, líon atá ag dul i méid, ar fhoraoisí agus ar a mbainistiú in AE. Cruthaíonn sin timpeallacht bheartas AE atá casta agus scoilte maidir le foraoisí agus lena mbainistiú, nach mór di a bheith níos ciallmhaire agus comhordaithe ar bhealach níos fearr, rud a rachaidh chun tairbhe gach colún inbhuanaitheachta.

Dá bhrí sin, tá Straitéis Foraoise AE tar éis 2020 atá láidir, iomlánaíoch agus neamhspleách ag teastáil uainn. Ba cheart cur chuige iomlánaíoch maidir le bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí (SFM) a phríomhshruthú léi, rud a bhaineann leas as inbhuanaitheacht eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil ar bhealach cothrom agus a chinntíonn leanúnachas ról ilfheidhmeigh foraoisí. Ba cheart go mbeadh Straitéis Foraoise AE mar pháirt lárnach agus neamhspleách den Chomhaontú Glas don Eoraip, agus níor cheart í a bheith faoi réir aon straitéis earnaála eile.

Ba cheart a bheith san áireamh i Straitéis nua Foraoise AE ionstraim a chothaíonn a ról mar uirlis éifeachtúil le haghaidh comhordaithe beartais do bheartais éagsúla AE a bhaineann le foraoisí agus a gcur chun feidhme ar bhealach a chuireann san áireamh an slabhra luacha foraoisbhunaithe ar fad. Ba cheart comhtháthú agus sineirgí a chruthú léi le hearnálacha eile a bhfuil tionchar acu ar an earnáil. Ba cheart go mbeadh Straitéis Foraoise AE mar dhroichead idir beartais earnaála AE agus beartais náisiúnta foraoise na mBallstát, agus ba cheart a áirithiú léi go mbeidh saineolas na hearnála foraoisbhunaithe rannpháirteach ó chéimeanna luatha foirmlithe bheartais, rud as a dtiocfadh beartais foraoise comhleanúnach agus comhsheasmhach. Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh tionchar gníomhach ag AE ar an timpeallacht beartais domhanda, trí ghníomhartha a dhéanamh chun stop a chur le dífhoraoisiú domhanda agus spreagadh a thabhairt ní hamháin d'athfhoraoisiú agus d'fhoraoisiú ach do bhainistiú inbhuanaithe ar acmhainní foraoise freisin.

Sa bhreis air sin, tá ról lárnach ag foraoisí, ag an earnáil fhoraoisbhunaithe agus ag an mbithgheilleagar chun spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, agus mar sin

cuspóirí AE maidir le haeráid, fuinneamh agus comhshaol a bhaint amach. Ní bheidh sé indéanta na spriocanna seo a bhaint amach gan foraoisí ilfheidhmeacha, sláintiúla agus bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí le tionscail inmharthana. Tá sé tábhachtach an t-imeacht ón tuath a chosc agus tionscail a mhealladh chun infheistiú san Eoraip agus chun éiceachórais ghnó a thógáil a úsáideann na hacmhainní atá ar fáil go háitiúil go hinbhuanaithe agus a thairgeann postanna do dhaoine áitiúla. Ina leith sin, ba cheart ról lárnach a bheith ag Straitéis Foraoise AE lena áirithiú go bhfuil amhábhair ar fáil do na tionscail.

Dá gcuirfí laghdú ar an spleáchas ar amhábhair agus fuinneamh iontaise-bhunaithe, bheadh tuilleadh deiseanna ann, go háirithe i limistéir tuaithe. Níor cheart go measfaí foraoisí mar linnte C02 amháin agus dá bhrí sin laghdú a dhéanamh ar rannchuidiú earnálacha eile ar a n-astaíochtaí. Ní mór béim a chur ar an tábhacht a bhaineann le himeacht ó sochaí iontaise-bhunaithe.

Ní mór aghaidh a thabhairt ar mhaolú ar an athrú aeráide mar sheirbhís thábhachtach amháin atá le cur ar fáil ag foraoisí agus ag an earnáil fhoraoisbhunaithe. Ina theannta sin, tá níos mó tábhachta tagtha ar oiriúnú don athrú aeráide lena áirithiú go bhfuil bearta coisctheacha iomchuí ann do shuaitheadh nádúrtha. Ní mór dul i ngleic le heipidéimí chiaróg na coirte, triomach agus dóiteáin foraoise agus iad a chosc.

Ní mór gnéithe comhshaoil, eacnamaíche agus sóisialta a bhaineann le foraoisí agus bainistiú foraoisí a chothú ar bhealach cothrom agus na buntáistí aeráide riachtanach a thagann ó foraoisí agus ón slabhra luacha foraoisbhunaithe ar an iomlán a neartú, eadhon ceapadh carbóin cothaithe, stóráil charbóin i dtáirgí adhmaidbhunaithe agus rudaí eile a úsáid in ionad amhábhair agus fuinneamh iontaise-bhunaithe, Ní mór iarrachtaí taighde a neartú maidir le rudaí eile a úsáid in ionad amhábhair agus fuinneamh iontaise-bhunaithe.

Cuidíonn foraoisí agus an earnáil fhoraoisbhunaithe go suntasach le forbairt bithgheilleagar áitiúil agus ciorclach in AE. In 2010, measadh gur margadh ab ea an bithgheilleagar le luach breis agus EUR 2 thrilliún, lena soláthraítear 20 milliún post agus lena mbaineann 9 % den fhostaíocht iomlán in AE. Ní mór glacadh an bhithgheillagair chiorclaigh a chur chun cinn trí thaighde láidir agus beartais nuálaíocha. Cruthóidh gach euro a infheistítear sa bhithgheilleagar agus sa nuálaíocht faoi Fhís 2020 thart ar EUR 10 i mbreisluach.

Ba cheart béim a chur ar an tábhacht a bhaineann le héiceachórais shláintiúla foraoise, lena n-áirítear fauna agus flora, chun soláthar an iliomaid seirbhísí éiceachórais foraoise amhail bithéagsúlacht, aer glan, uisce, ithir fholláin, adhmaid agus amhábhair neamhadhmaid a chothú agus a fheabhsú.

Sa bhreis air sin, cuireann suíomhanna Natura 2000 an iliomad seirbhísí éiceachórais ar fáil don tsochaí, lena n-áirítear amhábhair. Tá acmhainní airgeadais leordhóthanacha le haghaidh bainistithe na limistéar seo ag teastáil, áfach.

Ina theannta sin, is uirlisí oiriúnacha iad foraoisiú agus athfhoraoisiú chun feabhas a chur ar chóimheas foraoise in AE, go háirithe ar thalaimh thréigthe, gar do limistéir uirbeacha agus peireá-uirbeacha chomh maith le ceantair shléibhe. Ní mór dúinn an tábhacht a bhaineann le feidhmeanna cosanta foraoisí chomh maith le bainistiú foraoise gníomhach agus inbhuanaithe sna limistéir sin chun feabhas a chur ar shláinte agus athléimneacht na n-éiceachóras, agus chun an comhdhéanamh speiceas a oiriúnú do dhálaí réigiúnacha agus aeráide, a thabhairt chun suntais.

Ní mór an tábhacht riachtanach a bhaineann leis an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT), bearta foraoiseacht a mhaoiniú agus an cláir chreat taighde do shlite beatha agus forbairt an bhithgheilleagair i limistéir tuaithe a chur i bhfios. Is príomhghníomhaithe iad feirmeoirí agus úinéirí foraoise i limistéir thuaithe. Sa bhreis air sin, tá ról na foraoiseachta, na hagrafhoraoiseachta agus na dtionscal foraoisbhunaithe sa Chlár Forbartha Tuaithe de chuid CBT 2014-2020 ríthábhachtach. Ní mór dúinn a aithint a spreagadh in CBT 2021-2027 agus i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip freisin.

Tá taighde ardcháilíochta atá maoinithe i gceart, nuálaíocht, faisnéis a bhailiú, bonnachar sonraí a chothabháil agus a fhorbairt ríthábhachtach do thodhchaí fhoraoisí ilfheidhmeacha AE agus don slabhra luacha foraoisbhunaithe ina iomlán, i bhfianaise na n-éileamh atá á gcur orthu, a bhfuil a líon ag éirí níos mó agus níos mó, agus an gá le haghaidh a thabhairt ar an iliomad deiseanna agus dúshlán atá roimh an tsochaí.

Soláthraíonn foraoisí luachanna áineasa agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an bhforaois, mar shampla, amhail tairgí foraoise neamhadhmaid a shaothrú e.g. beacáin agus torthaí boga. Ba cheart dúinn na deiseanna a bhaineann le feabhas a chur ar aistrithe bhithmhaise chun cosc a chur ar dhóiteáin foraoise agus feabhas a chur a bhithéagsúlacht trí fhéarach a chur i bhfios, ach ba cheart dúinn a chur san áireamh freisin go bhfuil seans ann go mbeadh drochimpleacht ag féarach fiadhúlra ar mharthanas síolóige.

Tá sochaí na hEorpa ag éirí níos dínasctha ó fhoraoisí agus ón bhforaoiseacht, agus mar sin ba cheart an tábhacht a bhaineann le bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí a chur chun cinn. Agus ról riachtanach SFM i ndáil leis an iliomad buntáistí a chuireann foraoisí ar fáil don tsochaí á chur san áireamh, tá géarghá leis an bpobal a chur ar an eolas maidir leis an ról eacnamaíoch, sóisialta, agus comhshaoil, chomh maith le cultúrtha agus stairiúil, na bhforaoisí agus a mbainistithe mar chuid dár n-oidhreacht nádúrtha.

Ba cheart don Choimisiún ról lárnach a thabhairt do na Ballstáit trí Bhuanchoiste Foraoiseachta an Choimisiúin agus an Straitéis Foraoise tar éis 2020 á chur chun feidhme, agus ag an am céanna páirt a thabhairt do na páirtithe leasmhara ábhartha tríd an nGrúpa Idirphlé Sibhialta maidir le Foraoiseacht agus Corc. Ba cheart don Choimisiún páirt a thabhairt don Pharlaimint go bliantúil i gcur chun feidhme Straitéis Foraoise AE.

Mar fhocal scoir, ní mór dúinn Straitéis Foraoise AE tar éis 2020 atá uailmhianach agus láidir chun cur chuige comhordaithe agus iomlánaíoch a áirithiú maidir le foraoisí, an earnáil fhoraoisbhunaithe agus an iliomad seirbhísí a sholáthraíonn siad. Tá acmhainneacht ag foraoisí agus an earnáil fhoraoisbhunaithe chun rannchuidiú níos mó agus níos mó leis an aeráid, leis an gcomhshaoil, le daoine agus le geilleagar ciorclach bhithbhunaithe lena réitigh dhigiteacha agus a dteicneolaíochtaí inbhuanaithe atá chun tosaigh. Ní mór dúinn infheistíochtaí fadtéarmacha i mbainistiú foraoise inbhuanaithe ní hamháin lena áirithiú go mbeidh foraoisí fós inmharthana go heacnamaíoch ach go ndéanfaidh siad rannchuidiú suntasach chun an iliomad spriocanna de chuid AE a bhaint amach, lena n-áirítear an Comhaontú Glas don Eoraip agus an t-aistriú i dtreo bithgeilleagar ciorclach. Ní mór infheistíochtaí foraoisbhunaithe a mhealladh chun na hEorpa agus éascú a dhéanamh ar idirnáisc le hearnálacha eile a chur san áireamh i Straitéis Foraoise AE. Ina theannta sin, ní mór an ról riachtanach agus an acmhainneacht atá ag ábhair adhmaidbhunaithe in earnálacha amhail tógáil, teicstílí, ceimeacáin agus pacáistíocht chun rudaí eile a chur in ionad roghanna eile iontaise-bhunaithe. Ina theannta sin, ní mór dúinn cinnteoireacht bunaithe ar fhianaise maidir le beartais AE a bhaineann le foraoisí.